

# Seaimpíní Sean-nóis



**S**a bpictiúr seo tá cairde agus muintir Órla Ní Fhinneadha as an gCloich Mhór. Bhuaigh Órla craobh na hÉireann Faoi-18 sa gCabhán ag Fleadh Cheoil na hÉireann. Seo é an tríú bliain aici craobh na hÉireann a bhuachaint. Tá go leor comórtais eile buaite aice le blianta anuas – Corn Cuimhneacháin Phatsy Ó Ceannabháin na bliana seo ina measc. Chas Órla amhrán d’Uachtarán na hÉireann ar an gCeathrú Rua cúpla bliain ó shin agus chas sí ar an gClochán don Taoiseach le gairid.

Tá Órla ag freastal ar ranganna sean-nóis le Máire Phetair Uí Dhroighneáin ó bhí sí ar an mbunscoil agus tá sí fós ag freastal orthu. Ní féidir an iomarca moladh a thabhairt do Mháire Phetair. Ní hé amháin gurb í Máire an t-amhránaí sean-nós is fearr sa tír ach ’sí an múinteoir is fearr freisin í agus níl deireadh ar bith lena foighid.

Tá an-mholadh ag dul don Ghaelacadamh agus do Chaitríona Ní Oibicín go háirithe a eagraíonn na ranganna agus imeachtaí eile. Tá Órla ag freastal ar Choláiste Mhuire gan Smál i Luimneach. Tá go leor comórtais buaite ag Máirín agus Caitríona Ní Churraoin, An Bhánrainn Bhán, agus ag Anna Marie Ní Fhátharta, An Chloich Mhór, atá sa bpictiúr, bail ó Dhia orthu. Is cinnte nach fada eile go mbeidh Craobh na hÉireann buaite acu fhéin.